# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 273

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

2 Lúnasa 2023

Clár

II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 273/01 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.10996 – ICG / SCOPELEC / SETELEN) (1) ... 1

2023/C 273/02 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.11156 – CINVEN / AMARA) (1) ... 2

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 273/03 Ráta úis arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar a phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin: 4,00 % an 1 Lúnasa 2023 — Rátaí malairte an euro ... 3

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN gCOMHBHEARTAS TRÁCHTÁLA A CHUR CHUN FEIDHME

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 273/04 Fógra maidir le dul in éag atá le tarlú i dtaca le bearta frithdhumpála áirithe ... 4

(1) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 273/05 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.11190 — CORAL REEF / MHI / EQUITY INMEUBLES) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe [1] ..... 6

GNÍOMHARTHA EILE

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 273/06 Foilsiú iarratais ar leasú i gcomhréir le hAirteagal 26, mír 2, de Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ..... 8


(1) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

*(Faisnéis)*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi**

**(Cás M.10996 – ICG / SCOPELEC / SETELEN)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 273/01)

An 4 Aibreán 2023, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i bhFraincis amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin 'mBeartas iomaíochta' atá ag an gCoimisiún (https://competition-cases.ec.europa.eu/search). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32023M10996. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

**Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi**

**(Cás M.11156 – CINVEN / AMARA)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 273/02)

An 26 Iúil 2023, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin 'mBeartas iomaíochta' atá ag an gCoimisiún (https://competition-cases.ec.europa.eu/search). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32023M11156. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Ráta úis arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar a phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin** ([1]):

**4,00 % an 1 Lúnasa 2023**

**Rátaí malairte an euro** ([2])

**1 Lúnasa 2023**

(2023/C 273/03)

**1 euro =**

| | Airgeadra | Ráta malairte | | Airgeadra | Ráta malairte |
|---|---|---|---|---|---|
| USD | dollar na Stát Aontaithe | 1,0970 | CAD | dollar Cheanada | 1,4569 |
| JPY | yen na Seapáine | 156,85 | HKD | dollar Hong Cong | 8,5508 |
| DKK | krone na Danmhairge | 7,4518 | NZD | dollar na Nua-Shéalainne | 1,7834 |
| GBP | punt steirling | 0,85865 | SGD | dollar Shingeapór | 1,4641 |
| SEK | krona na Sualainne | 11,6496 | KRW | won na Cóiré Theas | 1 413,56 |
| CHF | franc na hEilvéise | 0,9610 | ZAR | rand na hAfraice Theas | 19,8749 |
| ISK | króna na hÍoslainne | 144,30 | CNY | renminbi-yuan na Síne | 7,8620 |
| NOK | krone na hIorua | 11,2110 | IDR | rupiah na hIndinéise | 16 587,01 |
| BGN | lev na Bulgáire | 1,9558 | MYR | ringgit na Malaeisia | 4,9568 |
| CZK | koruna Phoblacht na Seice | 23,951 | PHP | peso na nOileán Filipíneach | 60,181 |
| HUF | forint na hUngáire | 389,25 | RUB | rúbal na Rúise | |
| PLN | zloty na Polainne | 4,4303 | THB | baht na Téalainne | 37,578 |
| RON | leu na Rómáine | 4,9319 | BRL | real na Brasaíle | 5,2148 |
| TRY | lira na Tuirce | 29,5808 | MXN | peso Mheicsiceo | 18,4278 |
| AUD | dollar na hAstráile | 1,6557 | INR | rúipí na hIndia | 90,2555 |

([1]) Ráta arna chur i bhfeidhm ar an oibríocht is déanaí a rinneadh roimh an lá léirithe. I gcás tairiscint a mbaineann ráta athraitheach léi, is ionann an ráta úis agus an ráta imeallach.

([2]) *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN gCOMHBHEARTAS TRÁCHTÁLA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Fógra maidir le dul in éag atá le tarlú i dtaca le bearta frithdhumpála áirithe

(2023/C 273/04)

1. Mar a fhoráiltear in Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), tá an Coimisiún ag tabhairt fógra go rachaidh na bearta frithdhumpála a luaitear thíos in éag ar an dáta a luaitear sa tábla thíos mura dtionscnófar athbhreithniú i gcomhréir leis an nós imeachta seo a leanas.

2. **Nós imeachta**

Féadfaidh táirgeoirí de chuid an Aontais iarraidh i scríbhinn a dhéanamh ar athbhreithniú. Ní mór fianaise leordhóthanach a bheith san iarraidh sin gur dócha go leanfar le dumpáil agus le díobháil nó go gcuirfear tús leo arís mar thoradh ar dhul in éag na mbeart. Má chinneann an Coimisiún na bearta lena mbaineann a athbhreithniú, tabharfar deis ansin d'allmhaireoirí, d'onnmhaireoirí, d'ionadaithe na tíre is onnmhaireoir agus do tháirgeoirí de chuid an Aontais a mbarúil a thabhairt ar na hábhair atá leagtha amach san iarraidh ar athbhreithniú, nó béim a leagan ar na hábhair sin, nó iad a bhréagnú.

3. **Teorainn ama**

Ar bhonn an mhéid thuas féadfaidh táirgeoirí an Aontais iarraidh i scríbhinn a dhéanamh ar athbhreithniú, iarraidh nach mór a bheith faighte ag an gCoimisiún Eorpach ag an seoladh seo: Commission européenne, Direction générale du commerce (Unité G-1), CHAR 4/39, 1049 Bruxelles/Brussel an Bheilg ([2]) tráth ar bith tar éis fhoilsiú an fhógra seo ach tráth nach déanaí ná trí mhí roimh an dáta a luaitear sa tábla thíos.

4. Foilsítear an fógra seo i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036.

| Táirge | Tír thionscnaimh nó tír is onnmhaireoir | Bearta | Tagairt | Dáta éaga ([1]) |
|---|---|---|---|---|
| Táirgí áirithe cruach le bratú orgánach orthu | Daon-Phoblacht na Síne | Dleacht frithdhumpála | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/687 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de tháirgí áirithe cruach orgánach brataithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de | 4.5.2024 |

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) TRADE-Defence-Complaints@ec.europa.eu

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 116, 3.5.2019, lch. 5) | |

([1]) Téann an beart in éag ag meán oíche (00:00) an lá a luaitear sa cholún seo.

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M.11190 — CORAL REEF / MHI / EQUITY INMEUBLES)

## Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 273/05)

1. An 24 Iúil 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle [1].

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Coral Reef E 2023 S.A. ('Coral Reef', an Spáinn), fochuideachta indíreach ar lánúinéireacht de chuid Abu Dhabi Investment Authority ('ADIA', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Melia Hotels International S.A. ('MHI', an Spáinn),

— Equity Inmuebles S.L. (an Spáinn).

Gheobhaidh Coral Reef agus MHI rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar an dá cheann déag seo a leanas de réadmhaoine agus de ghnólachtaí de chuid Equity Inmuebles S.L: María Pita, San Sebastian Orly, Barajas, Madrid Gran Vía 25, Marbella Banús, Arona Tenerife, Madrid Alameda Aeropuerto, Guadalmar, Madrid Centro, Merida Medea, Puerto de la Cruz agus Royal Tanau. Gheobhaidh Coral Reef rialú aonair, de réir bhrí 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar réadmhaoine agus ar ghnólachtaí de chuid Equity Inmuebles S.L. mar atá Sancti Petri, Madrid Plaza de España agus Me Madrid. Gheobhaidh MHI rialú aonair, de réir bhrí 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar réadmhaoine agus ar ghnólachtaí de chuid Equity Inmuebles S.L. mar atá Los Fenicios agus Puertollano.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna, trí bhíthin ceannach sócmhainní agus trí bhíthin conradh bainistíochta.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Fochuideachta indíreach ar lánúinéireacht de chuid ADIA a bhfuil seilbh aige ar ghnóthais agus ar ionstraimí airgeadais, agus a riarann iad, is ea Coral Reef. Institiúid phoiblí is ea ADIA a bhunaigh Éimíríocht Abú Daibí in 1976 mar institiúid infheistíochta neamhspleách. Déanann sé cistí a infheistiú a leithdháileann Rialtas Abú Daibí dó agus bainistíonn sé punann infheistíochta domhanda atá éagsúlaithe thar chineálacha iomadúla sócmhainní.

(1) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

— Tá breis agus 300 óstán in 48 dtír á n-oibriú ag MHI faoi láthair san Áise, san Eoraip, sa Mheánoirthear, san Afraic, i Meiriceá Theas, Láir agus Thuaidh, agus i Muir Chairib.

— Is le Equity Inmuebles S.L. an réadmhaoin i bpunann de 17 n-óstán (na réadmhaoine agus na gnólachtaí) atá scaipthe trí mhórthír na Spáinne agus na hOileáin Chanáracha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11190 — CORAL REEF / MHI / EQUITY INMEUBLES

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

# GNÍOMHARTHA EILE

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Foilsiú iarratais ar leasú i gcomhréir le hAirteagal 26, mír 2, de Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008**

(2023/C 273/06)

Leis an bhfoilsiú seo, tugtar an ceart freasúra a thíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

IARRATAS AR AN LEASÚ AR LEIBHÉAL AN AONTAIS A FHORMHEAS

**'Eau-de-vie de vin de la Marne'**

**Uimh. AE: PGI-FR-02029-AM01**

**Dáta an iarratais: 23.1.2020**

1. **Iarratasóir agus leas dlisteanach**

Association des producteurs de boissons spiritueuses à indication géographique champenoises [Cumann Táirgeoirí Deochanna Biotáilleacha Champagne]

2. **Roinn den tsonraíocht táirge dá ndéanann an leasú/na leasuithe difear**

☒ Ainmniú an táirge

☐ Catagóir nó ainm dlíthiúil na dí biotáillí

☐ Nasc

☐ Srianta margaíochta

☐ Eile: Rialacha sonracha maidir le lipéadú

3. **Tuairisc ar an leasú agus na cúiseanna leis an leasú**

3.1. *An míniú go dtagann an leasú faoin sainmhíniú ar leasú Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2019/787*

Baineann an t-iarratas le hathrú ar ainm an táisc gheografaigh arna chlárú faoi Rialachán (AE) 2019/787 a ndéantar 'Biotáille Fíona de la Marne/Fine champenoise' de.

3.2. *Tuairisc ar an leasú agus na cúiseanna leis an leasú*

1) Ainm an táirge

Tuairisc

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 1.

'Fine champenoise' a chur isteach mar chomhchiallach an ainm.

Cúiseanna

Agus comhad teicniúil an táisc gheografaigh á chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán Uimh. 110/2008, chuir na táirgeoirí in iúl gur mhian leo go n-athrófaí ainm an táisc gheografaigh go 'Eau-de-vie de vin de la Marne'/'Fine champenoise' chun tomhaltóirí a chur ar an eolas ar bhealach soiléir faoin nasc idir an deoch bhiotáilleach sin agus limistéar fíonsaothrúcháin Champagne, ós rud é nach de thionscnamh roinn Marne gach ceann de naeaux-de-vie de vin de la Marne, agus an tráth céanna, úsáid eisiach ainm an ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe 'Champagne' a fhágáil ag an ainm sin.

Dá bhrí sin, cuireadh an t-ainm 'Fine champenoise' isteach mar chomhchiallach an ainm 'Eau-de-vie de vin de la Marne' gach uair a fheictear é sa chomhad teicniúil. Aithníodh an t-ainm sin ar an leibhéal náisiúnta le hOrdú an 27 Eanáir 2015, Ordú a foilsíodh an 6 Feabhra 2015 agus atá faoi réir a fhormheasta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

Le hionadú an ainm sin, tá úsáid an téarma breise 'Fine champenoise' imithe i léig sa chuid den chomhad teicniúil a bhaineann le rialacha maidir le lipéadú, agus baineadh an téarma breise dá bhrí sin.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táisc gheografaigh**

'Eau-de-vie de vin de la Marne / Fine champenoise'

2. **Ballstát lena mbaineann an limistéar geografach**

an Fhrainc

3. **Cineál an táisc gheografaigh**

Tásc Geografach

4. **Catagóir nó catagóirí na dí biotáillí:**

4. Biotáille fíona

5. **Tuairisc ar shaintréithe na dí biotáillí:**

*Saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus/nó orgánaileipteacha*

Bíonn dath geal glé ar 'Eau-de-vie de vin de la Marne'/'Fine champenoise'. Nuair a thugtar 'Eau-de-vie de vin de la Marne'/'Fine champenoise' chun cineáil in adhmad, tagann dath air atá idir gealbhuí agus ómra.

Is iad saintréithe 'Eau-de-vie de vin de la Marne'/'Fine champenoise' cumhráin bhláthacha atá beagáinín fíniúnach mar aon le cumhráin torthaí bia ghil (úlla, piorraí). Agus é ag teacht chun cineáil, tagann cumhráin adhmaid, fanaile, tósta agus tobac ghil air.

Is é 200 gram ar a laghad in aghaidh an heictilítir d'alcól íon an cion substaintí so-ghalaithe seachas alcól eitile agus meatánól a bhíonn ann. Is lú ná 150 gram in aghaidh an heictilítir d'alcól íon an cion meatánóil a bhíonn ann.

Is é 40 % an t-íosneart alcóil de réir toirte a bhíonn ann tráth a dhíolta leis an tomhaltóir.

*Saintréithe sonracha (i gcomparáid le deochanna biotáilleacha sa chatagóir chéanna)*

Faightear 'Eau-de-vie de vin de la Marne'/'Fine champenoise' ó fhíonta a tháirgtear faoin ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Champagne', ó na trí chineál fíniúna a luaitear le réigiún Champagne go príomha: Chardonnay, Pinot Noir agus Meunier. Le linn chéimeanna éagsúla a dtáirgthe, cuireadh na fíonta sin faoi réir coinníollacha sonracha táirgthe: sláine na bhfíonchaor a chaomhnú díreach tar éis na buana, brú na dtriopall iomlán tar éis iad a bhaint, an coipeadh mall, roghnú cáilíochtúil na mbunfhíonta, an dímhoirtiú. Is é an t-aon bhiotáille fíona sa Fhrainc a dtagann a amhábhar ó tháirgeadh fíonta súilíneacha amháin.

Faightear 'Eau-de-vie de vin de la Marne'/'Fine champenoise' ó na fíonta sin a bhfuil cothromaíocht mhaith acu idir aigéadacht agus neart alcóil íseal de réir toirte.

Tógtar na fíonta a úsáidtear le haghaidh an driogtha le linn céimeanna éagsúla i dtáirgeadh an ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe 'Champagne': go háirithe, an brú, roghnú cáilíochtúil na mbunfhíonta, an dímhoirtiú. Dá bhrí sin, bíonn saintréithe éagsúla acu lena gcuirtear le sainiúlacht dhea-bholadh 'Eau-de-vie de vin de la Marne'/'Fine champenoise'.

6. **Sainiú an limistéir gheografaigh**

Maidir leis na críocha ina bhféadfar fíonchaora 'Eau-de-vie de vin de la Marne'/'Fine champenoise' a bhuain agus a bhrú, ina bhféadfar an fhíonóireacht a dhéanamh ina leith agus ina bhféadfar an deoch a dhriogadh agus a aibiú (an chéim scíthe agus, i gcás inar gá, an t-aosú), déantar iad a shainiú in Airteagal V d'Acht an 22 Iúil 1927 maidir leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Champagne', lena n-aisghairtear agus lena n-ionadaítear Airteagal 17 d'Acht an 6 Bealtaine 1919, faoi réir na bhforálacha seo a leanas:

— I gceantar Vitry-le-François (roinn Marne), is é an limistéar dáileachta sainithe an limistéar a d'fhormheas coiste náisiúnta inniúil l'Institut national de l'origine et de la qualité [na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta] le linn chruinniú an 7 agus 8 Samhain 1990, agus a bhfuil léarscáileanna de sna hallaí baile lena mbaineann;

— Sna bardais seo a leanas i roinn Aube: Arsonval, Cunfin, Dolancourt, Jaucourt, is é an limistéar dáileachta sainithe an limistéar a d'fhormheas coiste náisiúnta inniúil l'Institut national de l'origine et de la qualité [na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta] le linn chruinnithe an 23 Meitheamh 1994, an 8 Meán Fómhair 1994 agus an 19 Bealtaine 1995 agus a bhfuil na léarscáileanna de i hallaí baile na mbardas lena mbaineann;

— Sna bardais seo a leanas i roinn Aube: Marcilly-le-Hayer agus La Villeneuve-au-Châtelot, níor sainíodh aon dáileacht i gcomhréir leis an gcinneadh a rinne coiste náisiúnta inniúil l'Institut national de l'origine et de la qualité [na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta] le linn chruinniú an 10 Meán Fómhair 1997;

— Sna bardais seo a leanas i roinn Aube: Brienne-le-Chateau, Epagne, Précy-Saint-Martin agus Saint-Léger-sous-Brienne agus sna bardais seo a leanas i roinn Marne: Esclavolle-Lurey, Potangis, Saint-Quentin-le-Verger agus Villiers-aux-Corneilles, níor sainíodh aon dáileacht i gcomhréir leis na cinntí a rinne coiste náisiúnta inniúil l'Institut national de l'origine et de la qualité [na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta] le linn chruinnithe an 23 agus 24 Meitheamh 1994, an 7 agus 8 Meán Fómhair 1994, an 18 agus 19 Bealtaine 1995 agus an 6 agus 7 Meán Fómhair 1995;

— I mbardas Fontaine-sur-Aÿ i roinn Marne, is é an limistéar dáileachta sainithe an limistéar a d'fhormheas coiste náisiúnta inniúil l'Institut national de l'origine et de la qualité [na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta] le linn chruinniú an 9 agus 10 Meán Fómhair 1999 agus a bhfuil na léarscáileanna de i halla baile an bhardais lena mbaineann;

— Sna bardais seo a leanas i roinn Marne: Corfélix, Corrobert, Le Thoult-Trosnay, Verdon, Reuves agus Broussy-le-Petit, níor sainíodh aon dáileacht i gcomhréir leis an gcinneadh a rinne coiste náisiúnta inniúil l'Institut national de l'origine et de la qualité [na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta] le linn chruinniú an 5 agus 6 Meán Fómhair 2001.

7. **An modh a úsáidtear chun an deoch bhiotáilleach a tháirgeadh**

Faightear an bhiotáille trí fhíonta a dhriogadh, ar fíonta iad lena gcomhlíontar na coinníollacha táirgthe (cineálacha na bhfíniúnacha, bainistiú na bhfíonghort, an bhuain, brú na bhfíonchaor) a leagtar síos i sonraíocht táirge an ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe 'Champagne'.

Déantar na fíonta a stóráil i ndabhcha a choinnítear líonta suas agus a gcoinnítear stopalláin iontu go dtí an driogadh. Féadfar an mhoirt a fhágáil sna fíonta.

Bíonn na tréithe seo a leanas sna fíonta, tráth an driogtha:

— neart alcóil nádúrtha de réir toirte idir 6 % agus 12 %;

— aigéadacht luaineach nach mó ná 1 g/l de H2SO4;

— cion iomlán dé-ocsaíde sulfair (SO2) nach mó ná 100 mg/l.

*Driogadh*

Ní fhéadfaidh acmhainneacht driogtha gach gairis a bheith níos mó ná 70 heictilítear d'alcól íon in aghaidh tréimhse 24 uair an chloig.

Ag deireadh an phróisis driogtha, ní mó neart alcóil de réir toirte na mbiotáillí a tháirgtear ná 75 %, ag teocht 20 °C, sa bhailitheoir laethúil.

Déantar na fíonta a dhriogadh:

— de réir phrionsabal an driogtha neamhleanúnaigh shimplí dhúbailte, nó;

— de réir phrionsabal an driogtha neamhleanúnaigh ilchéime le soithí cascáidithe, in éineacht le driogadh ilchéime le haife, nó;

— de réir phrionsabal an driogtha leanúnaigh ilchéime le haife.

1) Driogadh neamhleanúnach simplí dúbailte:

— Tuairisc ar an trealamh:

Déantar an driogadh trí úsáid a bhaint as stil arb é atá inti coire, ceann driogtha, ealaphíb, bíodh téitheoir fíona nó comhdhlúthadán uisce ann nó ná bíodh agus corna fuarúcháin.

Is as copar a bhíonn an coire, an ceann driogtha, an ealaphíb agus an corna déanta.

Ní rachaidh toilleadh iomlán an choire thar 25 heictilítear.

2) Driogadh neamhleanúnach ilchéime le haife:

— Tuairisc ar an trealamh:

Déantar an driogadh trí úsáid a bhaint as stileanna arb é atá iontu roinnt soithí driogtha agus colúin dlúthaithe.

Ní mór gur as copar a dhéantar na colúin driogtha.

Is é 5 an t-uaslíon soithí. Ní rachaidh toilleadh iomlán an tsoithigh thar 20 heictilítear.

Is é 2 an t-uaslíon colún. Ní bheidh níos mó ná 15 thráidire i gcolún.

3) Driogadh leanúnach ilchéime le haife

— Tuairisc ar an trealamh driogtha:

Déantar an driogadh trí úsáid a bhaint as colúin a bhfuil tráidirí iontu lena n-áirithítear le tolláin nó caipíní corraithe go mbíonn teagmháil idir na sreabha leachtacha agus na sreabha gásacha a théann tríothu i dtreonna contrártha. Bíonn an colún feisithe os cionn an choire a dtagann an ghal as. Áirítear sna colúin cuid ídiúcháin ina dtéann cion alcóil an leachta atá le driogadh i laige sula ndéantar gal den alcól sin, mar aon le cuid dlúthaithe ina n-éiríonn cion alcóil na ngal níos láidre.

Is le téitheoir fíona amháin nó níos mó nó le comhdhlúthadán uisce amháin nó níos mó a dhéantar an comhdhlúthú. Dírítear na comhdhlútháin a thagann as na teasmhalartóirí sin i dtreo dhoirteadh na driogáite nó seoltar ar ais iad go dtí barr na coda dlúthaithe.

— Na comhdhúile neamh-inmhianaithe a dheighilt:

Tá toirmeasc ar phróisis eastósctha a dhéanamh ar an gcéim leachtach le linn an driogtha lenar féidir tiúchan páirteach na driogáite a leasú (an coigeartú) i gcás comhdhúile áirithe.

Na comhdhúile a mheastar a bheith neamh-inmhianaithe, déantar iad a dhiúscairt sna hiarmhair nó san atmaisféar le trumpaí díghásúcháin nó le colúin glanta gás.

*Tógáil*

Ligtear don bhiotáille 'gheal' suí i ndabhcha tar éis a driogtha ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad sula gcuirtear ar an margadh í.

Is i gcoimeádáin thámha a dhéantar an chéim suite ionas nach dtagann aon dath uirthi.

Déantar an bhiotáille aosaithe a aibiú i mbairille darach nach mó a thoilleadh ná 10 heictilítear ar feadh tréimhse 24 mhí ar a laghad ón dáta a cuireadh i mbairille í.

Tá toirmeasc ar shliseanna adhmaid a úsáid.

*Bailchríochnú*

Údaraítear an dath a choigeartú le caramal a chur isteach mar aon leis an milsiú chun an blas deiridh a mhíniú ar choinníoll gur lú ná 4 % de réir toirte a dtionchar ar an mbiotáille. Is tríd an difríocht idir an neart alcóil iarbhír de réir toirte agus an t-ollneart alcóil de réir toirte a fhaightear an doiléiriú, arna shloinneadh in % de réir toirte.

## 8. Rialacha sonracha maidir le lipéadú

*Rialacha ginearálta*

Maidir le biotáillí a n-éilítear an tásc geografach 'Eau-de-vie de vin de la Marne'/'Fine champenoise' ina leith, ní fhéadfar iad a dhearbhú lena dtáirgeadh ná a chur ar an margadh mura scríobhfar an tásc geografach 'Eau-de-vie de vin de la Marne'/'Fine champenoise' agus an téarma 'tásc geografach' ina dhiaidh sin ar na doiciméid taistil, dearbhuithe, bróisiúir, lipéid agus coimeádáin.

Ní fhéadfar aon cheann de na téarmaí atá ina gcuid d'ainm an táisc gheografaigh 'Eau-de-vie de vin de la Marne'/'Fine champenoise' a léiriú ina n-aonar, ionas go mbeidh siad ina n-aonad doroinnte i gcónaí.

*Téarmaí maidir le haosú:*

Ní fhéadfar na téarmaí seo a leanas a bhaineann le tréimhse aosaithe a chur leis an tásc geografach 'Eau-de-vie de vin de la Marne'/'Fine champenoise' ach amháin faoi na coinníollacha seo a leanas:

— an téarma 'vieille' nó 'VS' i gcás biotáillí a aosaítear ar feadh 4 bliana ar a laghad;

— an téarma 'très vieille' nó 'VSOP' i gcás biotáillí a aosaítear ar feadh 6 bliana ar a laghad;

— an téarma 'hors d'âge' nó 'XO' i gcás biotáillí a aosaítear ar feadh 10 mbliana ar a laghad.

Ní mór na téarmaí roghnacha sin a léiriú ar an lipéadú roimh ainm an táisc gheografaigh nó ina dhiaidh agus le litreacha i gclófhoireann nach mó iad ná é, ó thaobh airde ná leithid de.

## 9. Tuairisc ar an nasc idir an deoch bhiotáilleach agus a tionscnamh geografach

*Tosca nádúrtha*

Is suite in oirthuaisceart chríoch na Fraince atá an limistéar geografach a chomhfhreagraíonn don ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Champagne' , agus áirítear ann bardais de chuid ranna Aisne, Aube, Haute-Marne, Marne agus Seine-et-Marne.

Is é saintréith a thírdhreacha fíonghoirt atá suite ar shleasa na gcnoc a luíonn ar thrí struchtúr gheomoirfeolaíocha mhaorga, eadhon: Côte d'Île-de-France, Côte de Champagne agus Côte des Bar, atá cailceach den chuid is mó agus ina bhfuil aghaidheanna na bhfíonghort is fearr soir agus ó dheas.

Tá an fíonghort suite sa cheantar thuaidh. Tagann sé faoi thionchar dhá aeráid éagsúla:

— tionchar an aigéin, lena dtugtar uisce isteach go tráthrialta agus nach mbaineann éagsúlacht mhór teochta leis ó shéasúr go chéile;

— tionchar na mór-roinne, arb é is cúis leis na tréimhsí seaca a bhíonn díobhálach uaireanta agus leis an méid de sholas na gréine a fhóireann d'aibiú na bhfíonchaor i rith an tsamhraidh.

*Tosca daonna*

Déantar 'Eau-de-vie de vin de la Marne'/'Fine champenoise' a tháirgeadh go traidisiúnta ó fhíonta a tháirgtear faoin ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Champagne', ó na trí chineál fíniúna a luaitear le réigiún Champagne go príomha: Chardonnay, Pinot Noir agus Meunier. Mar gheall ar an gcaidreamh idir coinníollacha ithreach agus aeráide an limistéir agus na cleachtais áitiúla buana, brúite fíonchaor agus fíonóireachta, ar cleachtais iad atá dírithe ar tháirgeadh fíona shúilínigh, tá roinnt tréithe sna fíonta, amhail blas cumhra leathan de thoradh éagsúlacht na gcineálacha fíniúna, aigéadacht áirithe agus neart alcóil réasúnta íseal, ar tréithe iad a fhágann gur féidir tiúchan ard dea-bholaithe a fhorbairt.

Tógtar na fíonta a úsáidtear le haghaidh an driogtha le linn céimeanna éagsúla de tháirgeadh an ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe 'Champagne': go háirithe, an brú, roghnú cáilíochtúil na mbunfhíonta, an dímhoirtiú. Dá bhrí sin, bíonn saintréithe éagsúla acu lena gcuirtear le sainiúlacht dhea-bholadh 'Eau-de-vie de vin de la Marne'/'Fine champenoise'.

Is iad a thugann faoin driogadh driogairí seasta atá lonnaithe i gcroílár na bhfíonghort agus a mbíonn an driogadh, an t-aibiú agus an margú á dhéanamh acu féin agus ag fíonadóirí nó ceannaithe champagne, nó driogairí taistil a oibríonn ar conradh thar ceann na bhfíonsaothraithe.

*Nasc cúisíoch*

Is é amhábhar 'Eau-de-vie de vin de la Marne'/'Fine champenoise' is cúis lena bpríomh-shaintréithe, arb amhábhar é a thagann ó tháirgeadh an ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe 'Champagne'. Tá an nasc le limistéar geografach 'Eau-de-vie de vin de la Marne'/'Fine champenoise' bunaithe ar na nithe seo a leanas:

Cáilíocht ar leith na bhfíonchaor a tháirgtear i réigiún Champagne:

Sainiúlacht an tsuímh ó thuaidh atá ag fíonghoirt Champagne. Is de thoradh choinníollacha ithreach agus aeráide an limistéir gheografaigh a forbraíodh modh faoi leith bainistithe na bhfíonghort a léirítear go háirithe i rogha na gcineálacha fíniúna. Is iad na trí phríomhchineálacha fíniúna Chardonnay B (29 % d'iomlán na bhfíonghort), Pinot Noir N (38 %) agus Meunier N (32 %). Leis an gcaidreamh idir na cineálacha fíniúna sin agus coinníollacha an limistéir, soláthraítear amhábhar arb iad is saintréithe di cothromaíocht mhaith idir aigéadacht agus alcól féideartha agus neart alcóil íseal. Na saintréithe sin, go háirithe an neart alcóil, fóireann siad chun biotáilleacha a tháirgeadh: ós rud é gur lú an toradh alcóil íon, is láidre tiúchan dhea-bholaithe na biotáille a fhaightear.

Leis an éagsúlacht sna cineálacha fíniúna, cuirtear le héagsúlacht na ndea-bholaithe.

Fíonta a úsáid ar ó tháirgeadh fíonta súilíneacha a thagann siad:

Tá na cleachtais áitiúla maidir le baint na bhfíonchaor, brú na bhfíonchaor agus an fhíonóireacht dírithe go heisiach ar tháirgeadh fíonta súilíneacha. Tógtar na fíonta a úsáidtear chun 'Eau-de-vie de vin de la Marne'/'Fine champenoise' a fháil ó chéimeanna éagsúla phróisis táirgthe an ainmniúcháin tionscnaimh cláraithe 'Champagne': go háirithe, an brú, roghnú cáilíochtúil na mbunfhíonta, an dímhoirtiú. Dá bhrí sin, bíonn saintréithe éagsúla acu lena gcuirtear le sainiúlacht dhea-bholadh 'Eau-de-vie de vin de la Marne'/'Fine champenoise'.

Is cuidiú é saineolas na ndriogairí agus na máistrí fíonlainne lena áirithiú go léiríonn 'Eau-de-vie de vin de la Marne'/ 'Fine champenoise' go hiomlán na dea-bholaithe a thagann as an amhábhar sin, cibé acu cumhráin an-bhláthach atá beagáinín fíniúnach mar aon le cumhráin torthaí bia ghil (úlla, piorraí) nó i gcás na mbiotáillí bána, is iad cumhráin adhmaid, fanaile, tósta agus tobac ghil a thagann ar na biotáillí aosaithe le linn chéimeanna éagsúla aosú 'Eau-de-vie de vin de la Marne'/'Fine champenoise'.

**Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-d643c5db-b3a5-4e76-a2de-ce06bec6bea5

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA